C/2023/386

20.10.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11251 – NJJ / LML)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/386)

1. An 6 Deireadh Fómhair 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— NJJ Holding ('NJJ', an Fhrainc), atá faoi rialú M. Xavier Niel,

— Le Monde Libre ('LML', an Fhrainc), atá faoi rialú comhpháirteach NJJ agus Matthieu Pigasse faoi láthair tríd an gcuideachta Le Nouveau Monde ('LNM', an Fhrainc).

Gheobhaidh NJJ rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar LML ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá bunanna ag NJJ i gcuideachtaí agus tá sócmhainní de chineálacha éagsúla aige, go háirithe i réimse na meán agus na teileachumarsáide,

— Tá grúpaí Le Monde agus Le Nouvel Observateur faoi rialú LML.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, agus gan dochar dá chinneadh críochnaitheach maidir leis sin, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle, ([2]) ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chóireáil faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11251 – NJJ / LML

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

Commission européenne
Direction générale de la concurrence
Greffe des concentrations
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.